



Innéacs

Réamhrá.....	1
Conas a chinnteoidh mé go bhfuil iarratais á dtaisceadh agus á bhfáil i gceart?	3
Ar cheart dom céannacht an iarratasóra a fhíorú?.....	5
An féidir le tríú páirtithe iarratas a thaisceadh?	7
Ar féidir liom ceist a chur ar an iarratasóir tuilleadh soiléireachta a thabhairt maidir lena n-iarratas?	7
Cad iad na spriocdhátaí atá i gceist le freagra a thabhairt?.....	8
An bhfuil nós imeachta ann ba chóir dom a leanúint maidir le hiarratais rochtana a láimhseáil? ..	11
Cad ba cheart a bheith in ábhar agus i gcruith an fhreagra a thugaim?.....	13
An bhfuil cásanna ann inar féidir liom táille a ghearradh ó thaobh freagra a chur ar fáil?.....	17
Cén uair is féidir liom diúltú gníomh a ghlacadh ó thaobh an iarratais de?	18
Cuir i gcás go mbíonn na sonraí pearsanta á gcoinneáil ag próiseálaí /Cuir i gcás gur comhrialaitheoir atá ionam?.....	22
Is féidir tuilleadh treorach a fháil i gcinntí an DPC.....	23

Réamhrá

Tugann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), faoi Airteagal 15, **an ceart d'Ábhar Sonraí iarratas duine ar a shonraí a dhéanamh** ar fhaisnéis a bhaineann leo go díreach nó go neamhdhíreach ('sonraí pearsanta') atá á 'próiseáil' (a chiallaíonn 'á n-úsáid ar bhealach ar bith') ag 'Rialaitheoirí Sonraí' ('a chiallaíonn iad siúd a dhéanann an cinneadh conas na sonraí a phróiseáil agus an chúis leis na sonraí sin a phróiseáil') (féach: an [Bunús atá le Cosaint Sonraí](#)), chomh maith le haon fhaisnéis ábhartha eile (mar atá mionsonraithe thíos).

Tugann **iarratas a dhéanamh** Ábhar Sonraí sainitheanta nó inaitheanta, a dtagrófar dó/di anseo ina dhiaidh seo mar 'iarratas duine ar a shonraí , **an ceart dó/di** – faoi réir ag srianta áirithe a ndéantar foráil dóibh faoin GDPR agus faoin Údarás um Chosaint Sonraí (DPA) 2018 – **rochtain chuig** cóipeanna agus cóipeanna de shonraí den sórt sin agus faisnéis ábhartha eile nach mór a sholáthar saor in aisce i bhfoirm inrochtana. Ní mór do Rialaitheoir Sonraí a chinntiú go n-éascaítear daoine aonair a bhfuil a gcuid sonraí á bpróiseáil acu (nó duine éigin thar ceann duine aonair) chun iarratais rochtana a thaisceadh (féach: [Prionsabail Cosanta Sonraí](#)). Ní mór do Rialaitheoir Sonraí freagra a

sholáthar maidir le hiarratas duine ar a shonraí ar bhealach áirithe laistigh de theorainneacha ama áirithe, mar a mhionsonraítear thíos.

D'fhéadfadh sé, sa chás nach gcomhlíonann Rialaitheoir Sonraí na hoibleagáidí faoin dlí um Chosaint Sonraí (féach [Seicliosta Féinmheasúnaithe](#)), lena n-áirítear, iad siúd a bhaineann le ceart rochtana, go ndéanadh an tÁbhar Sonraí **gearán a thaisceadh leis an DPC** (an Coimisiún um Chosaint Sonraí) mar thoradh air sin, lena bhféadfaí fíneáil agus/nó bearta ceartaitheacha breise a fhorchur ar an Rialaitheoir Sonraí. D'fhéadfadh an DPC freisin, tús a chur le himscrúdú as a stuaim féin ar eagraíocht an Rialaitheora sonraí chun cinneadh a dhéanamh cibé a bhfuil an dlí um chosaint sonraí á chomhlíonadh ag an Rialaitheoir Sonraí (féach: [Treoir maidir leis an bPróiseas Imscrúdaithe](#)). Sa chás go dtionscnaíonn an tÁbhar Sonraí **imeachtaí dlí** in aghaidh an Rialaitheora Sonraí, d'fhéadfadh an Rialaitheoir Sonraí a bheith freagrach freisin as aon damáiste ábhartha agus neamhábhartha a bhaineann don Ábhar Sonraí mar thoradh ar shárúithe oibleagáidí dlíthiúla cosanta sonraí an Rialaitheora Sonraí.

Baineann formhór na ngearán agus na bhfiosruithe a fhaigheann an DPC gach aon bhliain le daoine aonair atá ag iarraidh a gceart rochtana a fheidhmiú (féach Tuarascáil Bhliantúil an DPC maidir leis an líon a fhaigheann siad). Tugtar breac-chuntas sna treoirlínte a leanas maidir leis na céimeanna nach mór don Rialaitheoir Sonraí a ghlacadh ar mhaithe **le hiarratas duine ar a shonraí a fhreagairt** agus an dlí um chosaint sonraí á chomhlíonadh. Tá sé mar fhreagracht ar Rialaitheoir Sonraí a chinntiú go bhfuil sé/sí in ann léiriú a thabhairt go bhfuiltear ag comhlíonadh an dlí. Cé nach soláthraíonn an DPC comhairle dlí (féach: [Cad atá á Dhéanamh Againn](#)) is féidir leat údar imní a ardú leis an DPC tríd an nasc seo a rochtain (féach: [Údar Imní a Ardú](#)). Beidh ar do chumas ag deireadh an leathanaigh seo freisin, naisc a aimsiú ar chinntí an DPC atá ábhartha ó thaobh iarratais maidir le hiarratas duine ar a shonraí/ar a shonraí a láimhseáil.

Rinneadh an treoir seo a fhorbairt chun críocha saincheisteanna praiticiúil croílár a aithint maidir le comhlíonadh na Rialaitheoirí Sonraí leis an reachtaíocht um chosaint sonraí i ndáil le hiarratas duine ar a shonraí/ar a shonraí mar a leanas:

- Conas a chinnteoidh mé go bhfuil iarratais á dtaisceadh agus á bhfáil i gceart?
- Ar gá dom aitheantas an Duine is Ábhar do na Sonraí a fhíorú agus más gá, cén chaoi?
- An féidir le tríú páirtithe iarratas a thaisceadh?
- An féidir liom ceist a chur ar an Duine is Ábhar do na Sonraí soiléireacht a thabhairt maidir lena n-iarratas?
- Cé na spriodhataí atá i gceist le freagra a thabhairt?
- An bhfuil nós imeachta ann is féidir liom a leanúint?
- Cad ba chóir a bheith in ábhar agus i bhfoirm an fhreagra a thugaim?
- An bhfuil cásanna ann inar féidir liom táille a ghearradh ó thaobh freagra a chur ar fáil?
- Cén uair is féidir liom diúltú gníomh a ghlacadh ó thaobh an iarratais de?

- Cuir i gcás go mbíonn na sonraí pearsanta á gcoinneáil ag próiseálaí/Cuir i gcás go bhfuilim mar chomhrialtitheoir?

Conas a chinnteoidh mé go bhfuil iarratais á dtaisceadh agus á bhfáil i gceart?

Ní mór go mbeidh sé ar chumas na nÁbhar Sonraí iarratas duine ar a shonraí a thaisceadh le Rialaitheoir Sonraí, de réir oibleagáidí Rialaitheoirí Sonraí, ar mhaithe le **feidhmiú na gceart** atá ag an Ábhar Sonraí a éascú (Airteagal 12 den GDPR). Ar mhaithe leis an oibleagáid seo a chomhlíonadh, ní mór don Rialaitheoir Sonraí dhá ní a bhreithniú. Ar an gcéad dul síos, ní mór don Rialaitheoir Sonraí a chinntiú go bhfuil **bealach tiomanta acu don Ábhar Sonraí le hiarratas den sórt sin a dhéanamh, agus bealach a bheith ag an Rialaitheoir Sonraí le hiarratas den sórt sin a thairfeadh**. D'fhéadfadh sé gur mhian le Rialaitheoirí Sonraí foirmeacha caighdeánacha nó foirmeacha ar líne a úsáid chun iarratas duine ar a shonraí a thaisceadh. D'fhéadfadh sé seo cuidiú le cuíchóiriú a dhéanamh ar iarratas duine ar a shonraí agus freagraí comhsheasmhacha agus tráthúla a thabhairt ar an iarratas laistigh d'eagraíocht an Rialaitheora Sonraí.

Mar shampla, d'fhéadfadh Rialaitheoirí Sonraí seoladh ríomhphoist tiomanta a chruthú a bheidh ar chumas na nÁbhar Sonraí a úsáid ar mhaithe le hiarratas duine ar a shonraí a thaisceadh agus an méid sin a bheith ar taispeáint ar an gcuid sin dá láithreán gréasáin atá inrochtana go héasca. Sa chás nach mbíonn an méid sin indéanta, ní mór don rialaitheoir sonraí duine teagmhála ábhartha atá i gceannas cúrsaí cosanta san eagraíocht a lua go soiléir ar a fhógra príobháideachais.

Ar an dara dul síos, ní mór do Rialaitheoirí Sonraí a chinntiú nach ndéantar **neamhaird d'iarratas duine ar a shonraí** ó na hÁbhair Sonraí, díreach mar gheall go ndéantar an t-iarratas a thaisceadh ar bhealach difriúil seachas an pointe teagmhála inmheánach atá bunaithe laistigh den eagraíocht chun déileáil le saincheistanna cosanta sonraí. Is féidir leis na hÁbhair Sonraí iarratas duine ar a shonraí a thaisceadh go bailí i gcónaí trí theagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht trí mhodh cumarsáide ar bith, bíodh sé trí ghlaó gutháin, tríd an bpost, trí chomhrá neamhfhoirmiúil nó go fisiciúil. Ní éilítear aon fhoirm faoi leith a úsáid faoin GDPR chun iarratas duine ar a shonraí bailí a dhéanamh. Is féidir leis an Rialaitheoir Sonraí na hÁbhair Sonraí a atreorú chuig roinn ábhartha san eagraíocht atá ag déileáil le hiarratas duine ar a shonraí, nó an comhfhreagras a atreorú go díreach chucu féin trí ríomhphost nó post inmheánach, mar sin féin, bíonn an t-am ag sleamhnú ó thaobh na teorann ama ábhartha a chomhlíonadh ón lá a fhaigheann an Rialaitheoir Sonraí an t-iarratas. (Féach tuilleadh thíos '**Cad iad na spriocdhátaí atá i gceist le freagra a thabhairt?**').

Mar shampla, cuireann an tÁbhar Sonraí a **iarratas faoi bhráid na roinne mícheart** den eagraíocht ar an Luan agus ní fhaightear an t-iarratas sa roinn cheart go dtí an lá ina dhiaidh sin. Mar sin féin, is é an Luan an dáta tosaithe i gcónaí d'iarratas duine ar a shonraí mar gheall gurbh é sin an dáta a bhfuair an eagraíocht an t-iarratas. I mbeagán focal, tosaíonn an amlíne ó thaobh iarratas duine ar a shonraí a fhreagairt an lá a fhaightear Iarratas Duine ar a Shonraí (SAR), beag beann ar cén roinn a fuair an t-iarratas nó cén bealach ar cuireadh an SAR faoi bhráid.

Tá sé mar fhreagracht ar Rialaitheoirí Sonraí **oiliúint leordhóthanach a chur ar fáil dá gcuid fosaithe** chun a bheith ar an eolas agus nóta a dhéanamh d'aon iarratas duine ar a shonraí a thaisctear (go háirithe sa chás go ndearnadh an t-iarratas a thaisceadh ó bhéal) agus chun iarratas duine ar a shonraí a atreorú chun na roinne ábhartha laistigh den eagraíocht. Ba cheart go ndéanadh an roinn ábhartha nó an tOifigeach Cosanta Sonraí ('DPO') teagmháil ansin leis an Ábhar Sonraí chun a dheimhniú go bhfuarthas an t-iarratas agus chun an tÁbhar Sonraí a chur ar an eolas maidir leis an mbealach a ndéileálfar le hiarratas duine ar a shonraí agus na hamlínte a bheidh i gceist maidir leis an iarratas a chomhlíonadh. Ní mór don Rialaitheoir Sonraí a chinntiú go ndéantar an chumarsáid ar fad agus seoladh amach aon sonraí a bhaineann le hiarratas duine ar a shonraí ar bhealach a chomhlíonann na prionsabail cosanta sonraí ó thaobh slándála agus rúndachta de (féach: [Treoir do Rialaitheoirí ar shlándáil sonraí](#)).

Mar atá luaite thuas, tá sé tábhachtach go gcuireann Rialaitheoirí Sonraí admháil ar fáil nuair a fhaightear iarratas duine ar a shonraí. Níl oibleagáid ar an Ábhar Sonraí iarratas duine ar a shonraí a dhéanamh trí thagairt a dhéanamh den GDPR, ná an méid sin a lua go sainráite in iarratas duine ar a shonraí. Dá bhrí sin, ní mór déileáil le haon iarratas a chreideann an Rialaitheoir sonraí a **d'fhéadfadh a** bheith ina iarratas duine ar a shonraí ar an mbealach sin. Sa chás go mbíonn an Rialaitheoir Sonraí in amhras maidir le hiarratas a dhéantar, is féidir leis/léi teagmháil a dhéanamh leis an Ábhar Sonraí agus soiléireacht a lorg maidir leis an iarratas. Go ginearálta, ba cheart do Rialaitheoir Sonraí a bhreithniú gurbh ionann iarratas agus iarratas duine ar a shonraí nuair a dhéanann an tÁbhar Sonraí teagmháil leis a eagraíocht ag iarraidh eolais "a bhaineann leis/léi", agus nach mbíonn sé ar chumas an Rialaitheora Sonraí déileáil le hiarratas den sórt sin sa **ghnáthchúrsa gnó**. Ciallaítear leis an méid sin gur féidir le gnáthchleachtas agus gnáthnós imeachta na heagraíochta an fhaisnéis chéanna a bhí á héileamh ag an Ábhar Sonraí a chur ar fáil laistigh den amlíne atá forordaithe faoin dlí um chosaint sonraí gan aon ghá le déileáil go foirmiúil le hiarratas duine ar a shonraí.

Mar shampla, sa chás go n-éilíonn custaiméir bainc a gcuid **ráitis bainc** go léir le haon mhí dhéag (11) anuas, d'fhéadfaí é sin a bhreithniú mar iarratas duine ar a shonraí, (ag tógáil san áireamh gur sonraí pearsanta do dhaoine aonair iad na ráitis bainc). Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar chumas an bhainc, mar rialaitheoir, an t-iarratas a fhreagairt go héasca trína seirbhísí baincéireachta atá ar fáil dóibh agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach mbeidh aon ghá le déileáil go foirmiúil leis an iarratas sa chás seo.

Mar sin féin, sa chás ceist a bheith ag an gcustaiméir bainc maidir le **hiarratas iasachta** a bhí curtha faoi bhráid aige/aici agus go seolann sé/sí ríomhphoist chuig an gcomhalta foirne ábhartha ag lorg faisnéis atá cothrom le dáta maidir leis an iarratas iasachta – gan fiú tagairt a dhéanamh den reachtaíocht um chosaint sonraí – ba cheart go mbeadh sé ar chumas an chomhalta foirne atá i gceist an t-iarratas a tharchur chuig na comhaltaí foirne tiomanta atá i gceannas ó thaobh déileáil le cosaint sonraí sa bhanc.

D'fhéadfadh deacrachtaí a bheith á mbrath ag **mionaoisigh agus ag daoine faoi mhíchumas** ó thaobh iarratas duine ar a shonraí a thaisceadh. Tá sé mar oibleagáid ar Rialaitheoir Sonraí atá freagrach as próiseáil sonraí pearsanta na catagóire faoi leith seo d'Ábhar Sonraí, tabhairt faoina bearta réasúnacha go léir ar mhaithe le héascú a dhéanamh ar iarratas duine ar a shonraí a thaisceadh, a bheidh ag brath ar imthosca gach aon chás.

Mar shampla, sa chás gur radharceolaí tú atá ag déileáil le sonraí pearsanta duine lagamhairc, ba cheart duit a chinntiú gur féidir iarratas duine ar a shonraí a thaisceadh agus a fhreagairt ó bhéal.

Maidir le mionaoisigh, féach [Bunphrionsabail na Leanaí](#) an DPC. Maidir le daoine faoi mhíchumas a éascú, ní mór do Rialaitheoirí Sonraí an reachtaíocht ábhartha a chomhlíonadh, ar nós an Achta um Míchumas 2005 agus féadfar tagairt a dhéanamh freisin do mholtaí an [Údaráis Náisiúnta Míchumais](#).

Ar cheart dom céannacht an iarratasóra a fhíorú?

Caithfidh Rialaitheoir Sonraí céannacht an iarratasóra a shainiú go leordhóthanach (a chiallaíonn an tÁbhar Sonraí a cheangal go slán le hainm agus le sloinne/le heagraíocht trí ionadaí dlisteanach) tar éis na **bearta réasúnacha** go léir a fheidhmiú (Réamhaithris 64 den GDPR) agus níor chóir go mbeadh aon faisnéis eile á éileamh ón iarratasóir mura mbíonn **amhras réasúnach** ag an rialaitheoir i gcónaí maidir le céannacht an iarratasóra (Airteagal 12(6) den GDPR). Níl iarratas duine ar a shonraí éifeachtach agus ní thosaíonn an clog ag bualadh chun críocha na teorann ama ó thaobh freagra go mbíonn céannacht an Duine is Ábhar do na Sonraí cruthaithe go leordhóthanach (féach tuilleadh thíos ‘Cad iad na spriocdhátaí atá i gceist le freagra a thabhairt?’).

Mar shampla, i gcomhthéacs seirbhísí ar líne, d’fhéadfadh Rialaitheoir Sonraí an tÁbhar Sonraí iarrthach a shainiú trí **fhíordheimhniú déshraithe** a shocrú suas. I gcás iarratas duine ar a shonraí a thaisctear, d’fhéadfaí éileamh a dhéanamh ar an Ábhar Sonraí cód uathúil a sholáthar a seoladh chuig sonraí teagmhála a bhí difriúil ón gceann óna bhfuil an t-iarratas ag teacht, m.sh. glaogh guthán sa chás go ndearnadh an t-iarratas trí ríomhphost.

D’fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar fheidhmiú modh chun céannacht an Ábhair Sonraí atá ag déanamh an t-éileamh a dheimhniú mar bheart teicniúil agus eagraíochtúil a bhí curtha i bhfeidhm ag eagraíocht ar mhaithe le slándáil sonraí pearsanta a chosaint ag sárú sonraí a chosc, a d’fhéadfadh tarlú sa chás gur nocht Rialaitheoir Sonraí faisnéis le faighteoirí neamhúdraithe. Mar sin féin, tá beart den sórt sin bailí sa chás go mbíonn **riachtanas slándála** dáiríre ann, sa chás seo é a bheith ag teacht le hamhras réasúnach atá ann maidir le céannacht an iarratasóra. Sa chás nach mbíonn aon amhras réasúnach ann, d’fhéadfaí féachaint ar an mbeart mar bhac ó thaobh ceart an Ábhair Sonraí a fheidhmiú, d’fhéadfaí féachaint air mar shárú ar oibleagáid rialaitheoirí feidhmiú ceart na nÁbhar Sonraí agus an phrionsabail íoslaghdaithe sonraí a éascú.

Mar shampla, d’fhéadfadh sé gur cás a bheadh anseo ina mbíonn an rialaitheoir, comhlacht miondíola, i gcomhfhreagras le custaiméirí le mionsonraí orduithe san am a caitheadh a fháil amach. Má tháinig an t-iarratas ón seoladh ríomhphoist céanna ar bhain an custaiméir úsáid as chun a gcuntas do shiopadóireacht ar líne a chruthú, ní bheadh aon amhras réasúnach follasach ann maidir le céannacht an Ábhair Sonraí agus dá bhrí sin, má bhíonn gá le sainiú bhreise, ní mór go mbeidh sé ar chumas an Rialaitheora léiriú a thabhairt go raibh cúis mhaith le hiarracht a dhéanamh céannacht a chruthú (mar shampla, an fíoras go raibh an cuntas glasáilte le gairid mar gheall ar eachtra haiceála).

Tá an prionsabal seo bailí **do gach cineál sonraí** a phróiseáiltear. Nuair is catagóir sonraí speisialta iad na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil, a chiallaíonn sonraí a nochtann bunadh cine nó eitneach, tuairimí polaitíochta nó tuairimí creidimh nó fealsúnacha, comhalta de cheardchumann, sonraí

géiniteacha agus sonraí bithmhéadracha a phróiseáiltear chun críocha duine nádúrtha a chéannú go huathúil, sonraí a bhaineann le sláinte, sonraí pearsanta a bhaineann le saol gnéis nó claonadh gnéasach an duine nádúrtha (féach: an [Bunús atá le Cosaint Sonraí](#)), tá an baol a bhaineann le nochtadh neamhúdaraithe níos airde agus ba cheart go mbádh córais i bhfeidhm ag Rialaitheoirí Sonraí ar mhaithe le láimhseáil slán na sonraí seo. Mar sin féin, nuair a thagann sé chomh fada le cearta cosanta sonraí na nÁbhar Sonraí a fheidhmiú, ní mór go mbeidh na bearta seo ag cloígh i gcónaí le prionsabal an amhrais réasúnaigh a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith thuas.

Mar shampla, má tá iarratas á thaisceadh ag an iarratasóir ó **laistigh dá gcuntas comhar creidmheasa**, d'fhéadfadh sé nach mbeidh iarratas ar chruthúnas céannachta breise atá i gceangal leis an iarratas bailí (mar shampla, sa chás gur fhíoraigh tú mar is cuí céannacht an tsealbhóra cuntais ag an tráth ar cruthaíodh an cuntas). Mar sin féin, má thagann an t-iarratas ó **lasmuigh dá gcuntas comhar creidmheasa**, fiú amháin má tá an seoladh ríomhphoist ar an ríomhphost a d'úsáid an sealbhóir cuntais chun a gcuntas a chlárú, b'fhéidir go mbeadh tú in amhras gurbh é/í an duine a scríobh an ríomhphost an tÁbhar Sonraí, agus d'fhéadfá, dá bhrí sin a bheith i dteideal fíorú breise aitheantais a lorg. I bhfocail eile, tá an t-amhras réasúnach sa cheist atá agat: cén fáth nach bhfuil an t-iarratasóir at baint úsáide as an gcóras ó laistigh dá gcuntas? Ar an modh molta le freagra a thabhairt, bheadh an t-iarratasóir a atreorú chun an t-iarratas a thaisceadh ó laistigh dá gcuntas, nó, mar mhalairt air sin, cruthúnas céannachta a sholáthar.

Chomh maith leis sin, sa chás go mbíonn amhras réasúnach ar an Rialaitheoir Sonraí maidir le céannacht an iarratasóra, **níor chóir go sáródh an fíorú an méid atá riachtanach** ar mhaithe lena bheith sásta gurbh é/í an t-iarratasóir an tÁbhar Sonraí. I bhfocail eile, d'fhéadfadh sé gur cliseadh ar an oibleagáid éascú a dhéanamh ar fheidhmiú cearta an Ábhair Sonraí agus prionsabal an íoslghdaithe sonraí, sa chás cruthúnas céannachta a bheith á lorg ag Rialaitheoir Sonraí nach bhfuil riachtanach ar mhaithe le céannacht an iarratasóra a dheimhniú. Ba cheart tabhairt faoi **mheasúnú comhréireachta** a thógann san áireamh an cineál sonraí pearsanta atá á bpróiseáil (m.sh. sonraí catagóire speisialta), cineál an iarratais, an comhthéacs a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh laistigh de, chomh maith le haon damáiste a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar nochtadh míchuí. Moltar cur chuige srathaithe i dtéarmaí céannachta freisin de réir na comhréireachta. Tá sé oscailte do Rialaitheoir Sonraí ceisteanna slándála a chur ar an Ábhar Sonraí ar mhaithe le céannacht an Ábhair Sonraí a dheimhniú. Thioctadh na ceisteanna slándála ón fhaisnéis atá ag an Rialaitheoir Sonraí cheana féin maidir leis an Ábhar Sonraí, agus is ag an Ábhar Sonraí amháin a mbeadh na freagraí cearta ar na ceisteanna slándála atá aige/aici.

Mar shampla, d'fhéadfadh sé a bheith réasúnach creidiúnú a lorg maidir le doiciméad céannachta ó chomhalta den Gharda Síochána amháin sa chás go mbíonn amhras cruthaithe agat maidir le **dáiríreacht an doiciméid féin**, ach d'fhéadfadh sé go mbeadh sé riachtanach an deimhniú sin a éileamh mar réamhbheart.

Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le féinín a éileamh le doiciméad céannachta má tá amhras réasúnach agat i gcónaí arbh é/í an duine atá i gcomhfhreagras leat **an fíor-iarratasóir mar atá aitheanta sa doiciméad**.

An féidir le tríú páirtithe iarratas a thaisceadh?

Tá an cinneadh conas iarratas a thaisceadh suas go hiomlán don Ábhar Sonraí, gan aon mhodh áirithe nó foirmiúil forordaithe ag an dlí um chosaint sonraí. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an tÁbhar Sonraí cinneadh a dhéanamh duine éigin eile a údarú (lena n-áirítear, dlíodóir, duine aonair, comhlacht neamhbhrabúis, eagraíocht nó cumann a dtagraítear dóibh in Airteagal 80 den GDPR) le hiarratas a thaisceadh thar a gceann. Níl aon ghá ann go mbeidh aon fhoirmeáltacht áirithe i gceist leis an údarú. Ní mór don tríú páirtí atá ag taisceadh an iarratais, ina ainneoin sin, a bheith in ann cruthúnas a sholáthar gur tháinig **údarú den sórt sin ón Ábhar Sonraí**. Baineann an tsaincheist maidir le céannacht sna cásanna seo le céannacht an iarratasóra agus an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh thar a cheann.

Mar shampla, tugann comhalta den chomhar creidmheasa cuairt ar an gcraobh áitiúil dá gcomhar creidmheasa chun a chuntas/a cuntas a rochtain ar bhonn rialta. Tá sé/sí pósta le comhalta eile den chomhar creidmheasa a bhfuil aithne ag fostaithe an chomhar creidmheasa air/uirthi. Teastaíonn ón gcéile féachaint ar an iarmhéid reatha sa chuntas thar ceann a céile. Cé go bhfuil aithne ag foireann an chomhar creidmheasa, mar rialaitheoir, ar shealbhóir an chuntais agus ar an gcéile, mar sin féin, ní mór cruthúnas maidir le húdarú an chéile a éileamh ó shealbhóir an chuntais.

B'fhéidir go mbeadh cásanna ann nuair nach mbíonn údarú sonrath ar fáil, ach d'fhéadfadh an ceart iarratas ar shonraí pearsanta a rochtain eascairt as cineálacha ionadaíochta níos ginearálta, mar shampla, cumhacht aturnae nó freagracht tuismitheoirí. Sna cásanna seo, ní mór go mbreithneoidh Rialaitheoir Sonraí cibé ar cheart **teagmháil a dhéanamh leis an Ábhar Sonraí** ar dtús (féach, [Bunphrionsabail na Leanaí](#), leathanach 35-36) agus cibé a seolfar freagra ar iarratas duine ar a shonraí go díreach chuig an Ábhar Sonraí.

Ar féidir liom ceist a chur ar an iarratasóir tuilleadh soiléireachta a thabhairt maidir lena n-iarratas?

Tá an tÁbhar Sonraí i dteideal rochtain a iarraidh ar aon sonraí nó ar a gcuid sonraí pearsanta go léir. Is féidir le Rialaitheoir Sonraí a bhfuil **go leor faisnéise** á phróiseáil aige/aici a bhaineann leis an Ábhar Sonraí a éileamh, chomh luath agus is féidir tar éis dóibh an t-iarratas a fháil agus sula gcuirtear an freagra ar fáil ar iarratas duine ar a shonraí, go sonrúidh an tÁbhar Sonraí an fhaisnéis atá á lorg acu nó na gníomhaíochtaí próiseála sonracha a theastaíonn uathu a rochtain (Réamhathrhis 63 den GDPR) agus, sa bhreis air sin, d'fhéadfadh siad a bheith i dteideal síneadh a chur leis an am le freagra a thabhairt ar iarratas duine ar a shonraí (féach thíos 'Cad iad na spriocdhátaí le freagra a thabhairt?'). Cé go dtéann sé chun leasa don Ábhar Sonraí comhoibriú ar mhaithe le luas a chur faoin phróiseas, **níl an tÁbhar Sonraí faoi oibleagáid freagra a thabhairt**, agus **ní mór** don Rialaitheoir Sonraí iarratas duine ar a shonraí a chomhlíonadh, fiú amháin mura bhfaightear freagra ar an iarratas ar shoiléireacht. Moltar do Rialaitheoirí Sonraí i gcónaí nóta a dhéanamh de na cúiseanna maidir leis an iarratas ar shoiléireacht, de réir prionsabal na cuntasachta (féach: na [Prionsabail um Chosaint Sonraí](#)).

Mar shampla, tá duine aonair ina gcónaí i nDún Laoghaire le 30 bliain anuas agus cuireann sé/sí iarratas duine ar a shonraí faoi bhráid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Is dóigh go

mbeidh go leor sonraí á phróiseáil ag an gComhairle, idir iarratais phleanála go taifeadtaí CCTV. D'fhéadfadh an Chomhairle cáiliú mar rialaitheoir a dhéanann próiseáil ar go leor faisnéise maidir leis an iarratasóir agus d'fhéadfadh an Chomhairle, dá bhrí sin, a bheith i dteideal iarraidh ar an iarratasóir soiléireacht a thabhairt, mar shampla, cibé a bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann le seirbhís áirithe atá á tairiscint ag an gComhairle á lorg aige/aici agus cén tréimhse ama ábhartha lena mbaineann an fhaisnéis sin.

Fiú amháin mura bhfuil go leor faisnéise á phróiseáil ag Rialaitheoirí Sonraí maidir le faisnéis a bhaineann leis an Ábhar Sonraí mar a léirítear i Réamhaithris 63 den GDPR, níl rud ar bith ann a choisceann orthu, pé uair a bhíonn sé **réasúnach** a leithéid a dhéanamh, (mar shampla, sa chás nach mbíonn Rialaitheoir Sonraí cinnte maidir leis an gcineál faisnéise atá á lorg ag an iarratasóir) a iarraidh ar an iarratasóir soiléireacht a thabhairt ar iarratas duine ar a shonraí sna téarmaí a ndéantar cur síos orthu thuas. Mar sin féin, mura mbíonn go léir faisnéise á phróiseáil ag an Rialaitheoir sonraí maidir leis an Ábhar Sonraí agus nach féidir leis/léi brath ar chastacht an iarratais ó thaobh síneadh ama a fháil chun an t-iarratas a fhreagairt (féach thíos: 'Cad iad na spriocdhátaí atá i gceist le freagra a thabhairt?'), ní stopfadh an clog chun críocha freagra tráthúil maidir le hiarratas duine ar a shonraí.

Cad iad na spriocdhátaí atá i gceist le freagra a thabhairt?

Caithfidh Rialaitheoirí Sonraí faisnéis a sholáthar maidir leis an ngníomh a glacadh i ndáil le hiarratas duine ar a shonraí **gan moill mhíchúí** (Airteagal 12(3) den GDPR). Ciallaíonn sé seo nach mór dóibh dearbhú a thabhairt chomh luath agus is féidir cibé an bhfuil sonraí pearsanta Ábhar Sonraí á bpróiseáil acu agus, más é sin an cás, ní mór do Rialaitheoirí Sonraí:

- a) an fhaisnéis go léir maidir leis an bpróiseáil a sholáthar agus cóip de na sonraí pearsanta atá i gceist mar a cheanglaítear faoin dlí um chosaint sonraí (féach tuilleadh thíos) nó
- b) fógra a thabhairt don Ábhar Sonraí go dteastaíonn tuilleadh ama uathu leis an iarratas a fhreagairt (féach thíos) nó
- c) fógra a thabhairt don Ábhar Sonraí nach mbeidh gníomh á ghlacadh acu maidir leis an iarratas agus na cúiseanna leis an méid sin a dhéanamh (féach thíos: "An bhfuil cásanna ann inar féidir liom diúltú freagra a thabhairt?").

D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar fhreagra ar iarratas duine ar a shonraí a bheith míthráthúil fiú roimh an tréimhse uasta a ndéantar foráil dó faoin dlí éagtha, ag brath ar imthosca an cháis.

Mar shampla, sa chás go mbíonn an rialaitheoir ag próiseáil sonraí pearsanta ábhartha ag tráth an iarratais agus go bhfuil sé ar na bacáin na sonraí sin a scríos go buan— m.sh. tarlóidh sé seo roimh dheireadh na míosa féilire – go bhféadfaí na tréimhsí choinneála atá bunaithe ag beartais cosanta sonraí an rialaitheora, freagra ar iarratas duine ar a shonraí tar éis dul in éag an tréimhse choinneála atá i gceist a bhreithniú míthráthúil fiú má dhéantar é a sheachadadh laistigh de mhí féilire amháin ón iarratas a fháil.

Níl aon ní san GDPR lena ndéantar rialú ar chás **spriocdháta** níos giorra ó thaobh freagra a thabhairt forchurtha ag an Ábhar Sonraí ar Rialaitheoir Sonraí. D'fhéadfadh cúiseanna bailí a bheith ag an Ábhar Sonraí, ar nós riachtanas speisialta, agus mar gheall gur bh é an téarma éigeantach le freagra a thabhairt ná an téarma uasta, ba cheart don Rialaitheoir Sonraí údar ar a laghad a thabhairt leis an

gcúis nach bhfuil ar a gcumas iarratas Ábhar Sonraí a chomhlíonadh faoina n-oibleagáid feidhmiú cearta an Ábhair Sonraí a éascú, de réir prionsabal na cuntasáochta.

Mar shampla, chaill an tÁbhar Sonraí a theach cónaithe mar gheall ar dhóiteán, agus tá an comhlacht árachais ag iarraidh air/uirthi sonraí áirithe a thaisceadh laistigh de theorainneacha dochta ama. Tá na sonraí á gcoinneáil ag an mbanc agus níl aon chóipeanna ag an Ábhar Sonraí mar gheall ar gur scríosadh sa dóiteán iad. Is tusa an Rialaitheoir Sonraí sa Bhanc. Sa chás go bhfuil na sonraí agat ansin, agus na hacmhainní chun luas a chur faoi iarratas an Ábhair Sonraí, ba chóir duit iarracht a dhéanamh clóigh le spriocdháta an Ábhair Sonraí.

Is **aon mhí amháin féilire ó fhaightear** iarratas duine ar a shonraí ón Ábhar Sonraí céannaithe nó inchéannaithe, an teorainn ama uasta le faisnéis a sholáthar maidir leis an ngníomh a glacadh ar iarratas duine ar a shonraí, beag beann ar an fhíoras nach bhfuarthas an t-iarratas ar lá oibre. Chiallóidh an teorainn ama uasta sin a shárú, sárú go huathoibríoch ar oibleagáidí an Rialaitheora Sonraí. Is féidir a rá go mbíonn iarratas duine ar a shonraí faighte ag Rialaitheoir Sonraí an nóiméad is a thugann a n-eagraíocht faoi deara é nó go bhfuil fógra inchiallaithe den iarratas duine ar a shonraí taiscthe trína **bealaí cumarsáide aitheanta** atá acu, gan aon ghá le haon chéimeanna eile a ghlacadh ar mhaithe leis an iarratasóir a aithint.

Mar shampla, d'fhéadfaí nach measfaidh mar iarratas duine ar a shonraí bailí, iarratas duine ar a shonraí a sheoltar chuig seoladh ríomhphoist eagraíocht a fhreagraítear go huathoibríoch agus a léiríonn **nach bhfuil monatóireacht a dhéanamh ar an seoladh ríomhphoist** agus nach mbeidh duine ar bith ag léamh an ríomhphoist a seoladh, ar an dóigh gur baineadh an bealach cumarsáide "aitheanta" amach i ndáiríre. D'fhéadfaí a theacht ar chinneadh difriúil ceal rabhadh den sórt sin, tráth a mbeadh na hÁbhair Sonraí i dteideal a bheith den tuairim go bhfuil siad i mbun comhfhreagrais le bealach cumarsáide aitheanta.

Nuair a bhíonn cinneadh déanta ag an Rialaitheoir Sonraí maidir leis an lá a bhfuarthas iarratas duine ar a shonraí, ar mhaithe le tréimhse mí féilire a ríomh, d'fhéadfadh éagsúlacht a bheith i gceist leis na laethanta iarbhir atá ar fáil don Rialaitheoir Sonraí lena bhfreagra a ullmhú ar bhonn cás ar chás mar nach mór don Rialaitheoir Sonraí breithniú a dhéanamh:

- go dtiocfaidh an tréimhse chun críche **ar dhul in éag an uair dheiridh de** pé lá den mhí dár gcionn a thiteann ar an dáta céanna mar an lá ar cuireadh tús leis an tréimhse;
- áirítear sa tréimhse, laethanta saoire poiblí, Domhnaí agus Sathairn;
- an Lá a chuireann tús leis an tréimhse ná an lá a bhfuarthas iarratas duine ar a shonraí bailí;

Mar shampla, sa chás go bhfaigheann tú iarratas duine ar a shonraí an 22 Nollaig, beidh an nóiméad a thosaíonn ag an 23:59 an 22 Eanáir an bhliain dár gcionn ar an nóiméad deiridh a bheidh agat chun freagra a thabhairt ar an iarratasóir, beag beann ar laethanta saoire na Nollag idir an dá linn.

- sa chás go dtagann an tréimhse chun críche ar lá saoire poiblí, ar an Satharn nó ar an Domhach, tiocfaidh an tréimhse chun críche ar dhul in éag an uair dheiridh den **lá oibre dár gcionn**;

- sa chás nach dtiteann an lá inar cheart don tréimhse dul in éag sa mhí, críochnóidh an tréimhse le dul in éag an uair dheiridh den lá deiridh den mhí sin.

Mar shampla, má fhaigheann tú iarratas duine ar a shonraí an 31 Lúnasa agus go dtagann Meán Fómhair chun críche an 30ú lá, críochnóidh an t-uastréimhse míosa atá agat chun iarratas duine ar a shonraí a chomhlíonadh dá réir sin.

Molann an DPC go láidir beartais a fheidhmiú in eagraíochtaí atá dírithe ar iarratas duine ar a shonraí a fhreagairt laistigh de **15 lá oibre** sa chaoi go mbeadh sé ar chumas Rialaitheoirí Sonraí freagra a thabhairt chomh luath agus is féidir. Ar mhaithe le freagairt go bailí d'iarratas duine ar a shonraí, ní mór don Rialaitheoir Sonraí an fhaisnéis atá á héileamh a sholáthar ar bhealach intuigthe (mar atá le feiceáil níos faide síos). Sa chás go soláthraítear an tsoiléireacht a bhí á éileamh ag an Ábhar Sonraí tar éis dul in éag mí féilire, d'fhéadfadh sé, dá bhrí sin, go mbeidh sárú déanta ag an Rialaitheoir Sonraí ar an oibleagáid an t-iarratas a fhreagairt go bailí laistigh de mhí féilire.

Is féidir le Rialaitheoir Sonraí **síneadh go haontaobhach a chur leis an am** le freagra a thabhairt **go ceann dhá mhí eile agus sin amháin sa chás go mbíonn sé riachtanach** a leithéid a dhéanamh agus sa chás go mbíonn iarratais chasta nó iliaratais i gceist (lena n-áirítear, iarratais maidir le feidhmiú cearta cosanta sonraí eile). Sa chás sin, ní mór, laistigh d'aon mhí amháin ó fhaightear iarratas duine ar a shonraí, don Rialaitheoir Sonraí an t-iarratasóir a chur ar an eolas go bhfuil síneadh á chur leis an teorainn ama agus an fáth a raibh an síneadh ama riachtanach a mhíniú dóibh (Airteagal 12(3) den GDPR). Braitheann cibé an bhfuil nó nach bhfuil an Rialaitheoir Sonraí i dteideal síneadh a chur leis an spriocdháta ar imthosca gach aon chás, ach ba cheart go gcabhródh na ceisteanna measúnaithe seo a leanas leis na Rialaitheoirí Sonraí cás a aithint ina bhféadfadh síneadh a bheith dlísteanaich:

- **Nach bhfuil fáil go héasca** ar an méid sin sonraí i mo chóras?

Mar shampla, faigheann banc líon iarratais ó shealbhóir cuntas, agus baineann na hiarratais le hábhar éagsúla: léirsciosadh sonraí áirithe óna gcuntas; liosta dá ngníomhaíochtaí baincúireachta ar líne a bhaineann le hinfeistíochtaí airgeadais a bhí idir lámha acu le fiche nó tríocha bliain anuas sa déileáil fhada a bhí acu leis an mbanc. Bheifí ag súil go mbeadh teacht ag an mbanc go héasca ar an fhaisnéis ina cuid córas agus dá bhrí sin, níor chóir go mbeadh gá le síneadh ama ar fhorais iliaratais duine ar a shonraí. Mar sin féin, sa chás go raibh baint ag na sonraí le hinfeistíochtaí roimhe seo fós i bhfoirm cóip chrua agus atá á gcoinneáil i gcartlann slán ag tríú páirtithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le síneadh a chur leis an tréimhse ama.

- An dteastóidh **acmhainní breise** uaim ar mhaithe leis an iarratas a chomhlíonadh?

Mar shampla, má iarrann an tÁbhar Sonraí rochtain go sainráite ar shonraí pearsanta atá léirscriosta go buan agat agus an beartas coinneála á chomhlíonadh agat, agus nach bhfuil rochtain ag d'eagraíocht, sa ghnáthchúrsa gnó, ar an teicneolaíocht atá in ann na comhaid scriosta a athshlánú go buan ón ríomhaire glúine, agus a mbeidh gá le comhlacht seirbhísí IT a fhostú laistigh de bhuiséad teoranta, d'fhéadfaí an t-iarratas a mheas mar iarratas casta. Mar sin féin, ar an lámh eile, má tá rochtain agat de ghnáth ar na teicneolaíochtaí seo nó má tá na hacmhainní agat le tríú páirtithe a fhostú a bheadh in ann na sonraí a athshlánú, d'fhéadfadh sé nach ndéanfaidh an t-iarratas a mheas mar iarratas casta.

- An mbeidh gá le **hatheagrú suntasach** ar shonraí tríú páirtithe sa fhreagra?

Mar shampla, sa chás go mbaineann an t-iarratas le tuarascálacha maidir le tionóisc tráchta bóthair ina raibh líon páirtithe i gceist, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hobair chríochnúil a dhéanamh ar atheagrú na dtuarascálacha ar mhaithe leis na sonraí ábhartha a bhaineann leis an duine aonair áirithe amháin a bhaint as na tuarascálacha. Is féidir a mheas gur iarratas casta atá i gceist anseo mar nach amháin go mbeidh gá le daoine leis an atheagrú a dhéanamh ach beidh meastóireacht chúramach i gceist cibé a mbeidh gá le sonraí pearsanta daoine eile a nochtadh freisin.

- An gá dom **díolúine** a fheidhmiú?

Mar shampla, má tá aghaidh á thabhairt agat ar iarratas duine ar a shonraí lenar gá duit sonraí pearsanta tríú páirtithe a nochtadh, b'fhéidir go mbeadh ort toiliú a fháil uathu, ceal toiliú uathu, ní mór don Rialaitheoir Sonraí tabhairt faoi mheasúnú ar an gcothromaíocht idir cearta an Ábhair Sonraí agus cearta tríú páirtithe. D'fhéadfadh sé go bhféadfaí a theacht ar réiteach praiticiúil, mar shampla i gcás scaoileadh píosa scannánaíochta CCTV, d'fhéadfadh Rialaitheoir Sonraí íomhánna a dhéanamh doiléir sula scaoiltear an píosa scannánaíocht mar chuid d'iarratas an duine ar a shonraí.

Mura dtagann iarratas an duine ar a shonraí laistigh go réasúnacha de cheann amháin nó níos mó de na cásanna atá luaite thuas, ní mór don Rialaitheoir Sonraí léiriú a thabhairt i gcónaí maidir leis an gcúis nach bhfuil ar a gcumas comhlíonadh a bhaint amach laistigh d'aon mhí féilire amháin, agus go bhfuil síneadh ama aontaobhach riachtanach dá bhrí sin. Go háirithe, moltar go gcuirfidh an Rialaitheoir Sonraí síneadh a **laghad agus is féidir** leis an tréimhse ama chun freagairt (mar shampla, 1.5 mí seachas dhá mhí iomlána), ar mhaithe leis an oibleagáid a chomhlíonadh chun éascú a dhéanamh ar fheidhmiú cearta cosanta sonraí. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh an Rialaitheoir Sonraí **iarratas an duine ar a shonraí a shásamh i bpáirt** agus tuilleadh ama a iarraidh maidir le saincheisteanna iarratas atá níos casta.

Agus úsáid á bhaint as an sampla thuas maidir leis na doiciméid i gcóip chrua nach bhfuil inrochtana go héasca don bhanc, d'fhéadfaí an t-iarratas a chomhlíonadh maidir le sonraí pearsanta eile a bhfuil fáil go héasca agat orthu agus síneadh a chur leis an tréimhse le freagra a thabhairt ar shaincheist chasta ó thaobh sonraí pearsanta atá i gcomhaid cóip chrua a rochtain.

An bhfuil nós imeachta ann ba chóir dom a leanúint maidir le hiarratais rochtana a láimhseáil?

Níl aon cheanglas sonracha ann a chuireann Rialaitheoirí Sonraí faoi oibleagáid glacadh le nós imeachta sonracha le hiarratais duine ar a shonraí a láimhseáil, ar an gcoinníoll go bhfuil ar a gcumas na teorainneacha ama a chomhlíonadh (féach thuas 'Cad iad na spriocdhátaí atá i gceist le freagra a thabhairt?') agus freagra a thabhairt atá ag comhlíonadh na gceanglas eile atá riachtanach faoin dlí um chosaint sonraí (féach thíos 'Cad ba cheart a bheith in ábhar agus i gcruth an fhreagra a thugaim?'). Chuige sin, moltar go ndéanfaidh Rialaitheoirí Sonraí breithniú ar dhá phríomhghné ar a laghad agus iarratais duine ar a shonraí a láimhseáil acu: Ar an gcéad dul síos, a chinntiú go gcoinnítear an t-iarratasóir ar an eolas agus suas chun dáta agus ar an dara dul síos, córas a bheith i bhfeidhm leis an fhaisnéis ábhartha go léir a bhailiú atá le cur ar fáil don Ábhar Sonraí. Ba cheart do Rialaitheoirí Sonraí atá ag feidhmiú córais den sórt sin a gcuid oibleagáidí faoi chosaint sonraí a

chomhlíonadh freisin trí dhearadh agus trí réamhshocrú, níos ginearálta, prionsabal na **cuntasachta** (féach: [Bíodh do Chuid Oibleagáidí ar Eolas Agat](#)).

Cleachtas molta is ea admháil a sheoladh amach. Tugann sé deis don Rialaitheoir Sonraí agus don iarratasóir araon **an dáta a aithint** óna dtosaíonn an clog ag bualadh ó thaobh freagra a thabhairt ar an iarratas in am.

Mar shampla, sa chás go dtaisceann an tÁbhar Sonraí iarratas in ionad seirbhísí do chustaiméirí, an rialaitheoir, siopa miondíola, d'fhéadfadh sé go mbeadh beartas i bhfeidhm lenar gá gach saincheist a bhaineann le cosaint sonraí a sheoladh ar aghaidh chun aonad tiomanta cosanta sonraí laistigh den roinn riaracháin, atá freagrach as admháil a sholáthar go bhfuarthas iarratas den sórt sin. Dá bhrí sin, seolfaidh an gníomhaire seirbhísí do chustaiméirí an t-iarratas ar aghaidh chuig aonad cosanta sonraí – ag cur an iarratasóra ar an eolas go bhfuil an méid sin déanta – agus d'fhéadfadh an pearsanra cosanta sonraí teagmháil a dhéanamh ansin leis an tÁbhar Sonraí ag admháil go bhfuarthas an t-iarratas (lena n-áirítear, cibé a raibh an dáta faighte iarbhír roimh an admháil iarbhír: b'fhéidir gur tharla sé sin má thóg sé tamall sular sheol an t-ionad seirbhís do chustaiméirí an t-iarratas ar aghaidh chuig an aonad ceart, d'fhéadfadh an dáta faighte iarbhír a bheith níos túisce) ag tabhairt fógra dó/di gur fearr teagmháil dhíreach a dhéanamh leo ar mhaithe le cur an méid is fearr is féidir leis an achar ama a thógann sé chun an t-iarratas a phróiseáil.

Moltar **córas taifead** cuí a choinneáil d'iarratais duine ar a shonraí freisin. Sa chás go ndéantar iarratas duine ar a shonraí ó bhéal, go háirithe, ba cheart do Rialaitheoirí Sonraí am agus mionsonraí iarratas duine ar a shonraí a thaifeadh. D'fhéadfadh sé gur mhian le Rialaitheoirí Sonraí fiosrú a dhéanamh i scríbhinn leis an iarratasóir chun a dhearbhu go bhfuil tuiscint cheart acu ar an iarratas. Chomh maith leis sin, is dea-chleachtas atá ann do Rialaitheoirí Sonraí na hiarratasóirí a choinneáil **cothrom le dáta ar bhonn rialta** maidir leis an dul chun cinn ar a n-iarratas, agus chun fógra leordhóthanach a thabhairt dóibh roimh ré maidir le haon mhoill nó maidir le hiarratais ar shoiléireacht.

Tá Rialaitheoirí Sonraí faoi oibleagáid bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí a chur i bhfeidhm ar mhaithe lena chinntiú, trí réamhshocrú, nach ndéanfar a phróiseáil ach sonraí pearsanta amháin atá riachtanach do gach cuspóir sonrath próiseála (**cosaint sonraí trí réamhshocrú**) (féach: [Cosaint Sonraí trí Dhearadh agus trí Réamhshocrú](#)). Baineann an oibleagáid le méid na sonraí pearsanta a bhailítear, méid na próiseála, an tréimhse stórála agus inrochtaineacht. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh bearta teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm ag Rialaitheoirí Sonraí a chuireann dea-chóras **bainistíochta sonraí** ar fáil, lena n-áirítear, trí úsáid a bhaint as bealaí uathoibríocha nó Intleacht Shaorga (AI), chun méid na próiseála a rialú agus go sonrath méid na sonraí a bhaineann leis an tÁbhar Sonraí.

Dá bhrí sin, moltar go gcuirfidh Rialaitheoirí Sonraí na bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm, a chuideoidh – maidir le comhlíonadh cosaint sonraí trí réamhshocrú roimh iarratas duine ar a shonraí a fháil. Ba cheart go mbeidh sé mar aidhm leis na bearta seo **brath** na sonraí pearsanta go léir maidir leis na hÁbhair Sonraí a **éascú**, a bhfuil a shonraí pearsanta á lorg in iarratas duine ar a shonraí. Tá sainmhíniú sonraí pearsanta leathan (féach: an [Bunús atá le Cosaint Sonraí](#)) agus is dóigh go gcuimseoidh sé réimse leathan sonraí, agus moltar go ndéanfaí an cuardach go fisiciúil (na céimeanna deiridh den bhailiúchán ar a laghad).

Mar shampla, d'fhéadfá **eochairfhocal** a úsáid ar nós "ainmnigh sloinne" an Duine is Ábhar do na Sonraí ar mhaithe le sonraí pearsanta a aimsiú. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gur faisnéis a bheadh sna sonraí pearsanta freisin nach gá go mbeadh ainm an Ábhair Sonraí orthu, ach trínar féidir an tÁbhar Sonraí a aithint mar sin féin. D'fhéadfadh sé gur ráiteas áirithe ag scrúdaitheoir a bheadh i gceist ansin i gcomhthéacs an scrúdaithe ar an Ábhar Sonraí.

Cad ba cheart a bheith in ábhar agus i gcruth an fhreagra a thugaim?

Ní mór go gcinnteoidh Rialaitheoirí Sonraí go gcuirfear an fhaisnéis go léir ar fáil don iarratasóir a bhí iarrtha aige/aici agus an fhaisnéis go léir a bhfuil siad ina teideal faoin reachtaíocht um chosaint sonraí.

1) Dearbhú na próiseála

Ní mór don Rialaitheoir Sonraí a dhearbhu go sainráite go raibh siad – ag an am a bhfuarthas an t-iarratas – ag próiseáil sonraí pearsanta a bhain leis an Ábhar Sonraí agus, agus sa chás go ndearnadh iarratas sonrath nó spriocdhírthe ar shonraí, go ndéanann siad próiseáil ar sonraí pearsanta ina leith sin go sonrath.

2) Rochtain ar sonraí pearsanta

Ní mór don Rialaitheoir Sonraí rochtain a sholáthar ar na sonraí pearsanta a iarradh agus a bhí á bpróiseáil mar a bhí siad ag an tráth a ndearnadh an t-iarratas, fiú má tá an chuma air go raibh na sonraí pearsanta a bhí i gceist míchruinn nó go raibh easpa bonn dleathach leis an bpróiseáil. Áirítear ar sonraí pearsanta ach níl siad teoranta do:

- Catagóirí speisialta sonraí pearsanta de réir Airteagal 9 den GDPR;
- Sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuíthe coiriúla agus cionta a phróiseáil de réir Airteagal 10 den GDPR;
- Sonraí a chuireann an t-ábhar sonraí ar fáil trí fhoirmeacha, nó i bhfreagraí ar cheistneoir;
- Sonraí breathnaithe nó sonraí loma a sholáthraíonn an t-ábhar sonraí trí úsáid a bhaint as seirbhís nó as gaireas;
- Baineadh na sonraí as sonraí eile, seachas na sonraí a sholáthraigh an t-ábhar sonraí go díreach;
- Sonraí a baineadh as sonraí eile seachas na sonraí a sholáthraigh an t-ábhar sonraí go díreach;
- Sonraí faoi ainm bréige seachas sonraí anaithnid.

Ba cheart don Rialaitheoir Sonraí cead a thabhairt don iarratasóir idirghníomhaíocht fhiúntach a bheith acu sna sonraí pearsanta atá á iarradh acu trí dhíriú go beacht orthu ar mhaithe leis na hÁbhair Sonraí (fiú amháin má bhí na sonraí curtha ar fáil ag na hÁbhair Sonraí iad féin ó thús). Chomh maith leis sin, ba cheart go gcinnteodh an Rialaitheoir Sonraí go soláthraítear rochtain ar sonraí pearsanta ar bhealach a chuireann ar chumas an

iarratasóra ciall a bhaint as an gcaidreamh iarbhír idir an fhaisnéis agus an tÁbhar Sonraí, i bhfocail eile, an chúis go “mbaineann” an fhaisnéis leis an Ábhar Sonraí.

Mar shampla, sa chás go bhfuil na sonraí pearsanta atá i gceist i bhfoirm nótaí lámhscríofa an Ábhair Sonraí, ní féidir leis an Rialaitheoir Sonraí rochtain a sholáthar go díreach chuig na nótaí don Ábhar Sonraí atá clóscríofa ag rúnaí i bhfoirm dhigiteach mar go gciallaíonn an lámhscríbhinn féin sonraí pearsanta.

Formhór an ama, comhlíontar rochtain chuig na sonraí pearsanta atá iarrtha trí chóip de na sonraí pearsanta a sholáthar (féach níos faide síos). Mar sin féin, d’fhéadfadh cásanna a bheith ann inar cheart rochtain a sholáthar trí bhealaí eile ar nós nuair a bhíonn srianadh déanta ar an gceart chuig cóip de na sonraí pearsana ar mhaithe le cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint (féach thíos ‘Cén uair is féidir liom diúltú gníomh a ghlacadh ó thaobh an iarratais de?’).

- 3) Faisnéis ar phróiseáil**, lena n-áirítear, chun críocha na próiseála; na catagóirí sonraí pearsanta atá á bpróiseáil; cé leis an roinnfear na sonraí pearsanta; cé chomh fada is a bheidh na sonraí pearsanta á stóráil; cearta éagsúla Ábhar Sonraí a bheith ann; an ceart chun gearán a thaisceadh leis an DPC; faisnéis maidir leis an áit ónar bailíodh na sonraí; cinnteoireacht uathoibríoch a bheith ann (ar nós ‘próifíliú’); agus na cosaintí atá i bhfeidhm sa chás go n-aistrítear sonraí pearsanta chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta.

Cé go bhféadfadh cathú a bheith ar Rialaitheoirí Sonraí “cóipeáil agus greamú” a dhéanamh ar an fhaisnéis a sholáthraítear i bhfógra príobháideachais ábhartha na heagraíochta, ba cheart dóibh, ina ionad sin, an fhaisnéis sin “a chur in oiriúint” don chás sonracha atá i gceist. I bhfocail eile, de bhrí go bhfuil an fógra príobháideachais dírithe níos ginearálta ar na hÁbhair Sonraí iarbhír agus féideartha go léir, ní mór go mbeidh baint ag an fhaisnéis leis an bpróiseáil atá le soláthar don iarratasóir le gníomhaíocht próiseála sonraí maidir le hÁbhar Sonraí sonracha a bhfuil a chuid/a cuid sonraí mar ábhar don iarratas.

Mar shampla, má bhaineann d’eagraíocht úsáid as teicneolaíochtaí a dhéanann rianú ar an úsáid a bhaineann an tÁbhar Sonraí as láithreán gréasáin na heagraíochta, ag bailiú sonraí iompraíochta ar an gcaoi sin, bheadh sé le feiceáil ar an fhógra príobháideachta sonraí cheana féin, go ginearálta, cé hiad faighteoirí na sonraí a bhailítear ó lucht úsáidte ginearálta an láithreán gréasáin. Ba cheart duit, ar iarratais duine ar a shonraí ó Ábhar Sonraí sonracha, i measc na faisnéise eile, léiriú a thabhairt ar fhaighteoirí sonracha na sonraí iompraíochta a bhailíodh ón Ábhar Sonraí sonracha sin agus ba cheart léiriú a thabhairt freisin ar an tréimhse choinneála beacht a bhaineann leis na sonraí seo. Chomh maith leis sin, ní mór léiriú a thabhairt freisin maidir le “faisnéis fhiúntach” na céille a bhaineann le gníomhaíocht próiseála uathoibríoch, sa chaoi go mbeidh tuiscint ag an Ábhar Sonraí ar na cúiseanna le haon chinntí a dhéanann tú ar bhonn teicneolaíochtaí a thugann faoi phróiseáil uathoibríoch.

- 4) Cóip de na sonraí pearsanta**

Caithfidh Rialaitheoirí Sonraí cóip de na sonraí pearsanta a iarradh a chur ar fáil (ní gá gur cóip den doiciméad iarbhrí a bheadh ann nó de dhoiciméid tacaíochta eile) a bhí á bpróiseáil ag an tráth a rinneadh an t-iarratas. Éilítear leis seo ar an Rialaitheoir Sonraí na sonraí a sholáthar don iarratasóir ar a bhfuil ceart rochtana i bhfoirm bhuan ag an Ábhar Sonraí, a chiallaíonn ar bhealach inar féidir leis an iarratasóir na sonraí pearsanta atá i gceist a choinneáil de réir a riachtanais féin.

Mar shampla, comhlíonfar an ceanglas go soláthróidh an Rialaitheoir Sonraí cóip de na sonraí pearsanta tá á gcoinneáil aige/aici i bhfoirm dhigiteach trí chur ar chumas an iarratasóra a gcuid sonraí a íoslódáil i bhfoirm leictreonach a úsáidtear go coitianta, agus ní hamháin rochtain a chuir ar fáil don iarratasóir chuig na néalseirbhísí atá á n-úsáid ag an rialaitheoir chun na sonraí a stóráil.

Fiú murar éiligh an t-iarratasóir go sainráite, mar shampla, cóip de na sonraí pearsanta atá i gceist, mar sin féin, moltar pé uair a dhéantar iarratas duine ar a shonraí, go soláthródh na Rialaitheoirí Sonraí an fhaisnéis go léir don iarratasóir mar a dtagraítear di in Airteagal 15 den GDPR. Mar atá luaite thuas, tá an bharúil maidir le “sonraí pearsanta” sách leathan (féach: an [Bunús atá le Cosaint Sonraí](#)), agus tá sé mar fhreagracht ar Rialaitheoirí Sonraí rochtain a sholáthar don fhaisnéis go léir a chomhdhéanann sonraí pearsanta an Ábhair Sonraí.

Mar shampla, tá an tÁbhar Sonraí mar chustaiméir atá míshásta leis an Rialaitheoir Sonraí, comhlacht árachais, agus tá cóip de na sonraí pearsanta go léir a bhaineann leis/léi iarrtha aige/aici. Tá sonraí an pholasaí árachais, taifid maidir lena n-éilimh roimhe seo faoin bpolasaí árachais agus an comhfhreagras go léir leis an Ábhar Sonraí ar fáil cheana féin don Ábhar Sonraí. Ba cheart go gcinnteodh an comhlacht árachais go gcuireann siad cóip d'aon ábhar inmheánach ar fáil don Ábhar Sonraí (leasaithe go cuí, más gá) lena féidir an tÁbhar Sonraí a aithint, mar shampla, ríomhphoist inmheánacha áirithe ina ndéanann an fhoireann bainistíochta gearáin plé air agus tagairt do ríocht sláinte an Ábhair Sonraí.

Nuair nach mbíonn iarratas ginearálta déanta ag an iarratasóir “ar shonraí go léir an Ábhair Sonraí”, ach go bhfuil teorannú soiléir agus sainráite déanta ar mhéid an iarratais duine ar a shonraí, ba cheart don Rialaitheoir Sonraí teorainn a chur leis an bhfreagra agus sonraí atá iarrtha a sheoladh amach. A mhalairt ar fad, sa chás nach bhfuil aon teorannú sainráite ann maidir le hiarratas duine ar a shonraí ba cheart don Rialaitheoir Sonraí rochtain chuig na sonraí pearsanta go léir a bhí mar ábhar do na hoibríochtaí próiseála ag an tráth a bhfuarthas an t-iarratas a chur ar fáil.

Mar shampla, sa chás gurbh é/í d’fhostaí an tÁbhar Sonraí agus go bhfuil a gcuid sonraí pearsanta a bhaineann le fiosrúchán smachta a rinneadh maidir leo iarrtha go sonrach acu, níor chóir duit an iomarca faisnéise a sholáthar don iarratasóir mar gheall gur fostaí atá i gceist agus na sonraí go léir chomh maith le sonraí a bhaineann leis an fhiosrúchán, na taifid Acmhainní Daonna a bhí cruthaithe ag an Ábhar Sonraí le linn na tréimhse fiche bliain a raibh sé/sí fostaite san eagraíocht a chur ar fáil.

D’fhéadfadh indibhidiú a dhéanamh ar an fhaisnéis ábhartha a chomhdhéanann sonraí pearsanta an Ábhair Sonraí a bheith costasach i dtéarmaí ama agus acmhainní. Mar gheall go bhfuil Rialaitheoirí

Sonraí i dteideal iarratas atá iomarcach a dhiúltú (féach thíos: “An bhfuil cásanna ann inar féidir liom diúltú freagra a thabhairt?”), níl siad faoi oibleagáid cuardach a stiúradh a théann thar fóir ó thaobh an méid atá **réasúnach** i dtéarmaí ama agus airgid, ag tógáil imthosca gach aon chás san áireamh.

Mar shampla, d’fhéadfá faisnéis atá i ríomhphost agus atá curtha sa bhosca ‘Míreanna scriosta’ a fháil ar ais go héasca, ach sa chás go mbíonn an fhaisnéis scriosta go buan de réir do bheartas coinneála, cé go bhféadfadh teicneolaíocht a bheith ar fáil ar mhaithe leis an fhaisnéis a athchruthú, b’fhéidir nach gá duit a leithéid a dhéanamh mura mbíonn an teicneolaíocht seo ar fáil go héasca duit nó ar fáil duit cheana féin.

Maidir leis an gcineál freagra, ba cheart do Rialaitheoirí Sonraí an prionsabal a leanúint nach mór iarratas duine ar a shonraí a fhreagairt ar an **mbealach atá léirithe ag an iarratasóir**. Sa chás nach mbíonn aon leid suntasach tugtha ag an iarratasóir, ba cheart do Rialaitheoirí Sonraí an leagan céanna inar tháinig iarratas duine ar a shonraí isteach a leanúint. Bealach amháin nó bealach eile, ba cheart do Rialaitheoirí Sonraí an fhaisnéis a sholáthar ar bhealach slán. Tugtar san áireamh anseo, faisnéis a sheoladh tríd an bport; ba cheart é sin a dhéanamh trí shonraí iarratas duine ar a shonraí a sheoladh i gclúdach litreach nó i bpacáiste daingean, marcáilte go soiléir mar ‘Príobháideach agus faoi Rún’ agus don ‘Don Seolaí Amháin’ (féach: an [Treoir ar Shláindáil Sonraí](#)).

Mar shampla, sa chás go ndéantar an t-iarratas go leictreonach, ba cheart duit an fhaisnéis a theastaíonn a sholáthar i bhformáid leictreonach a úsáidtear go minic, a chiallaíonn nach gá don Ábhar Sonraí aon chostais a thabhtú ar mhaithe le rochtain a fháil ar na sonraí, mar shampla, nach gá dó/di bogearraí sonracha a cheannach. Má tá sonraí pearsanta á dtarchur go leictreonach, tá sé mar fhreagracht ar an Rialaitheoir Sonraí a chinntiú go ndéantar na sonraí pearsanta a tharchur ar bhealach slán i gcónaí.

Caithfidh Rialaitheoirí Sonraí an fhaisnéis atá léirithe thuas a chur ar fáil **saor in aisce** (féach thíos na heisceachtaí teoranta don phrionsabal seo) agus ar bhealach **infheicthe, intuigthe agus inléite go soiléir** (Airteagal 12.7 den GDPR). Ciallaíonn sé seo, mar shampla, in imthosca áirithe, ar an gcoinníoll nach ndéantar athrú ar na sonraí pearsanta iarbhír – d’fhéadfadh sé nach mór do Rialaitheoirí Sonraí mionléiriú a dhéanamh freisin ar an fhaisnéis atá á seoladh chuig an iarratasóir ar mhaithe le comhthéacs a thabhairt agus ní díreach an fhaisnéis a sheoladh amach gan struchtúr ná sainmhíniú ceart a bheith i bhfeidhm, go háirithe sa chás go mbíonn go leor faisnéise á próiseáil.

Mar shampla, sa chás go bhfuair tú iarratas duine ar a shonraí ó fhostaí maidir le comórtas inmheánach i ndáil le hardú céime a d’éiligh ar an iarratasóir tabhairt faoi thástálacha éagsúla, b’fhéidir go n-iarrfaí ort an scór agus na freagraí a chur ar fáil, mar go bhféadfadh sé go gciallódh siad sonraí pearsanta, agus d’fhéadfadh sé nach mór duit mionléiriú breise a thabhairt maidir leis an mbealach ar tugadh an scór dóibh agus/nó mura mbíonn a mbunús nó a réasúnacht intuigthe láithreach.

Tá comhlíonadh na gceanglas cáilíochta faisnéise atá luaite thuas ag brath ar deireadh thiar ar imthosca gach aon chás, nach mór a thabhairt san áireamh i gcónaí. Go háirithe, sa chás go bhfreagraítear an t-iarratas agus úsáid á bhaint as bealaí uathoibríthe ar nós pacáiste bogearraí nó as Intleacht Shaorga (A.I.), cé go bhféadfadh siad a bheith oiriúnach do na coinníollacha go léir atá luaite thuas, moltar do Rialaitheoirí Sonraí a chinntiú ní amháin go mbíonn míniúcháin

réamhullmhaithe ar fáil go héasca don iarratasóir ach go mbíonn fáil go héasca freisin ar **idirghníomhú daonna** tar éis don fhreagra a bheith faighte chun aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag an Ábhar Sonraí a fhreagairt.

Mar shampla, sa chás córas freagartha rochtana sonraí a bheith curtha i bhfeidhm agat trí bhealaí uathobrithe a thugann an deis don Ábhar Sonraí a gcuid sonraí pearsanta a “íoslódáil” a chuireann an fhaisnéis go léir a cheanglaítear le dlí ar fáil, bunaithe ar an fhaisnéis atá agat maidir leis an Ábhar Sonraí, ba cheart duit a chinntiú freisin go mbíonn sonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí (DPO) acu freisin agus go bhfreagraítear aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith acu.

Díreach chomh tábhachtach céanna, ní mór do Rialaitheoirí Sonraí a chinntiú nach ndéanann siad **sonraí tríú páirtí a nochtadh** agus dá bhrí sin, go nglactar gach beart teicniúil agus eagraíochtúil agus na hoibleagáidí rúndachta faoin dlí um chosaint sonraí á gcomhlíonadh chun baol den sórt sin a sheachaint (féach: [Doiciméid agus Taifid a Chur in Eagar](#)). D'fhéadfadh sé nach mbeadh eagar a chur ar ainmneacha leordhóthanach chun tríú páirtí a dhéanamh do-aitheanta agus d'fhéadfadh Rialaitheoirí Sonraí a bheith i mbaol ó thaobh sonraí tríú páirtí a nochtadh trí thimpiste agus iad ag freagairt iarratas duine ar a shonraí, mar gheall, mar shampla gur féidir na tríú páirtithe seo a aithint trí thagairt do phoist áirithe atá acu nó faisnéis eile ar nós uimhir fostaí nó Uimhir PPS.

Mar shampla, sa chás gur fostóir tú agus go bhfuil iarratas duine ar a shonraí faighte agat maidir le sonraí pearsanta atá á gcoinneáil agat i ndáil le feidhmíocht oibre fostaí, d'fhéadfadh sonraí pearsanta a bheith sna taifid atá agat maidir leis/léi i bhfoirm miontuairiscí comhrá ina bhfuil tagairtí déanta d'fhostaithe eile. Ní amháin nach mór ainmneacha na bhfostaithe eile a chur in eagar sula bhfreagraítear iarratas duine ar a shonraí, ach ní mór duit a chinntiú freisin go gcuirtear in eagar aon fhaisnéis eile óna bhféadfaí iad a aithint – ar nós tagairtí dá ról/seal/párolla freisin.

D'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina dtagraítear gan amhras do shonraí pearsanta a chomhdhéanann ábhar iarratas duine ar a shonraí do bheirt nó níos mó daoine (**sonraí pearsanta measctha** mar a thugtar orthu). Sa chás seo, féach thíos: ‘Cén uair is féidir liom diúltú gníomh a ghlacadh ó thaobh an iarratais de?’

An bhfuil cásanna ann inar féidir liom táille a ghearradh ó thaobh freagra a chur ar fáil?

Ní mór iarratas duine ar a shonraí a fhreagairt saor in aisce (Airteagal 12(5) den GDPR), lena n-áirítear, sa chás nach mbíonn aon sonraí ann le nochtadh leis an iarratasóir nó nach bhfuil an t-iarratasóir i dteideal freagra a fháil, mar shampla, mar gheall nach eisean/ise an Duine is Ábhar do na Sonraí agus nach bhfuil aon údarú acu ó thaobh an iarratais. Mar sin féin, in imthosca eisceachtúla, is féidir le Rialaitheoirí Sonraí táille réasúnach a ghearradh bunaithe ar a gcostais riaracháin:

- Sa chás go mbíonn dhá iarratas duine ar a shonraí nó níos mó **follasach go bhfuil siad gan bhunús nó iomarcach**, (ba cheart a thabhairt ar aird go bhfuil tairseach ard ann nach mór don Rialaitheoir Sonraí a chruthú go bhfuil an t-iarratas gan bhunús nó iomarcach. Tá sé seo ag brath freisin ar an méid sonraí atá á bpróiseáil ag an Rialaitheoir Sonraí maidir leis an Duine is Ábhar do na Sonraí) go háirithe mar gheall ar a nádúr athraitheach (mar mhalairt air

sin, is féidir le Rialaitheoirí Sonraí diúltú an t-iarratas a fhreagairt – féach thíos ‘Cén uair is féidir liom diúltú an t-iarratas a chomhlíonadh?’) (Airteagal 12(5)(a) den GDPR).

- Sa chás go n-iarrtar **cóipeanna breise** de na sonraí pearsanta atá i gceist (Airteagal 15(3) den GDPR).

Moltar, sa dá chás, i gcás go gcuireann an t-iarratasóir in aghaidh na táille a gearradh agus, níos ginearálta, de réir prionsabal na cuntasachta, go gcinntíonn Rialaitheoirí Sonraí go mbeidh ar a gcumas léiriú a thabhairt maidir leis an fhíoras go raibh costais riaracháin tabhaithe acu nó go bhféadfaí costais a thabhu go réasúnach lasmuigh de chostais ginearálta a n-eagraíocht. Fiú más é sin an bealach ina bhfuil an chás, ní mór freisin **tástáil réasúnach** a chur i gcrích a bhíonn ag brath ar shainghnéithe na táille iarbhir (mar shampla, cibé a dtabharfadh sé am don iarratasóir cinneadh a dhéanamh an t-iarratas a tharraingt siar) agus a mhéid is a bheadh tionchar diúltach aige seo ar cheart rochtana an Ábhair Sonraí in imthosca an cháis.

Mar shampla, sa chás go dtagann an t-iarratas ar chóip bhreise ó Ábhar Sonraí ina líomhnaítear gur chaill sé/seo an ríomhphost ina raibh an freagra, fiú má thabhaíonn tú costais bhreise i dtéarmaí an ama ar chaith comhalta foirne ag seoladh amach an ríomhphoist arís agus maidir le meáchan iarbhir i dtéarmaí MB an ríomhphoist féin, ní chiallódh táille a ghearradh tástáil réasúnachta mar go mbeadh an ríomh iarbhir gar do nialas agus an fíoras nach bhfuil an tÁbhar Sonraí i seilbh na sonraí níos mó ach sa chás go gcuireann tú iallach air íocaíocht a dhéanamh, beidh a cheart/a ceart rochtana faoi thionchar ag táille.

Cén uair is féidir liom diúltú gníomh a ghlacadh ó thaobh an iarratais de?

Leagtar amach cásanna teoranta sa dlí um chosaint sonraí **ar cheart nó nár cheart** do Rialaitheoirí Sonraí **gníomh a ghlacadh** maidir le hiarratas duine ar a shonraí agus ba cheart do Rialaitheoirí Sonraí gan dearmad a dhéanamh ar dhá ghné bhunúsacha: Ar an gcéad dul síos, is féidir leo an fhaisnéis a choinneáil siar, faisnéis a bhfuil sé de cheart acu a choinneáil siar sna cásanna seo, agus ar an dara dul síos, d’fhéadfadh Rialaitheoirí Sonraí, fiú má tá sé ar a gcumas a léiriú go dtagann a gcás laistigh de cheann de na cásanna seo, fós d’fhéadfadh Rialaitheoirí Sonraí a bheith faoi dhliteanas ó thaobh an dlí um chosaint sonraí a shárú má theipeann orthu an **t-iarratasóir a chuir ar an eolas** maidir le haon chuid den fhaisnéis a leanas gan moill mhíchuí agus in aon chás, laistigh d’aon mhí féilire amháin ó fhaightear iarratas duine ar a shonraí (féach thuas ‘Cad iad na spriocdhátaí atá i gceist le freagra a thabhairt?’) (Airteagal 12(4) den GDPR):

- Ná **cúiseanna** gan gníomh a ghlacadh maidir le hiarratas duine ar a shonraí
- Tagairt maidir leis an fhoráil shonrach a thugann cead don Rialaitheoir Sonraí neamhaird a dhéanamh d’iarratas duine ar a shonraí agus an bealach lena mbaineann sé le hiarratas duine ar a shonraí atá i gceist
- An fhéidearthacht **gearán** a thaisceadh le húdarás maoirseachta inniúil Fógra caighdeánach a dhéanann tagairt do mhionsonraí teagmhála an DPC.
- An fhéidearthacht **leigheas breithiúnach** a lorg Fógra caighdeánach a dhéanann tagairt don fhíoras gur féidir leis an iarratasóir – sa bhreis ar an fhéidearthacht gearán a thaisceadh – leigheas breithiúnach a lorg freisin.

Déantar foráil go díreach san GDPR do roinnt de chásanna a dhéanann teorannú ar an gceart rochtana nár cheart do Rialaitheoir Sonraí gníomh a ghlacadh maidir le hiarratas duine ar a shonraí:

- a) Faoi Airteagal 11, sa chás go ndéanann Rialaitheoirí Sonraí **próiseáil ar fhaisnéis agus nach bhfuil ar a gcumas na hÁbhair Sonraí a aithint** (féach: [Anaithnidíú agus Bréagaimníú](#)), de réir prionsabail an íoslaghdaithe sonraí agus an teorannaithe de réir cuspóra (féach: [Prionsabail Cosanta Sonraí](#)), is féidir leo diúltú de ghníomhú ar iarratas duine ar a shonraí a bhaineann leis an fhaisnéis sin mura gcuireann na hiarratasóirí féin tuilleadh faisnéise ar fáil lena n-aithneofaí na hÁbhair Sonraí. Moltar, dá bhrí sin, má luann Rialaitheoirí Sonraí infheidhmeacht Airteagal 11, go gcuireann siad in iúl **cén fhaisnéis bhreise a d'fhéadfadh a bheith riachtanach** ar mhaithe leis an gceart rochtana a fheidhmiú. Chomh maith leis sin, fiú má tá feidhm le heisceacht Airteagal 11, bheadh Rialaitheoirí Sonraí fós faoi oibleagáid ceanglais cosanta sonraí eile a chomhlíonadh agus an fhaisnéis a dtagraítear di in Airteagal 11 dhá láimhseáil acu (féach: [Bíodh do Chuid Oibleagáidí ar Eolas agat](#)).

Mar shampla, má tá láithreán gréasáin á reáchtáil agat agus úsáid á bhaint as teicneolaíocht chun sonraí brabhsála anaithnid do chuid úsáideoirí a phróiseáil, tar éis toiliú a bheith faighte uathu, ar mhaithe leis an láithreán gréasáin a fheabhsú, d'fhéadfadh duine de na húsáideoirí iarratas duine ar a shonraí a thaisceadh ina lorgaítear na sonraí atá á gcoinneáil agat/ag do phróiseálaí maidir lena gcuid gníomhaíochtaí ar an láithreán gréasáin agus do chuid gníomhaíochtaí rianaithe. Mura mbíonn ar chumas an iarratasóra tuilleadh faisnéise a chur ar fáil duit, mar shampla, na fianáin as ar féidir iad a aithint go huathúil i seisiún brabhsála, is féidir leat diúltú freagra a thabhairt ar iarratas duine ar a shonraí.

- b) Faoi Airteagal 12(5), sa chás go mbíonn iarratas duine ar a shonraí 'gan bhunús nó iomarcach', féadfaidh Rialaitheoirí Sonraí diúltú gníomhú ar iarratas den sórt sin. Ní mór tairseach ard a leagan amach ionas go mbeidh ar chumas Rialaitheoirí Sonraí leas a bhaint as an eisceacht seo, mar nach mór dóibh a chruthú go bhfuil sé **'follasach' go bhfuil an t-iarratas** (m.sh. i súile an duine gairmiúil cosanta sonraí):

- **Gan bhunús**, a chiallaíonn nach mbaineann an t-iarratas le sonraí pearsanta in aon chor (nuair a chuirtear san áireamh sainmhíniú leathan an téarma "sonraí pearsanta" – féach an [Bunús atá le Cosaint Sonraí](#)), nó, cé go mbaineann sé le sonraí pearsanta, tá sé soiléir nach bhfuil na sonraí á láimhseáil agatsa.

Mar shampla, sa chás go ndéantar iarratas duine ar a shonraí ar shonraí pearsanta a bhaineann le heisiúint agus le láimhseáil teastas breithe a thaisceadh leis an gComhairle Contae, d'fhéadfaí a bhreithniú go bhfuil sé "follasach go bhfuil an t-iarratas gan bhunús" mar gheall nach ndéanann an Chomhairle Contae sonraí a bhaineann le teastas breithe a láimhseáil, a bhí mar chuspóir leis an iarratas bunaidh, ach go mbaineann sé leis an bPríomh-Oifig Clárúcháin agus leis an Oifig Shibhialta Seirbhísí Clárúcháin.

- nó **iomarcach**, go háirithe nuair a thógtar san áireamh cibé a bhfuil an -iarratas athráiteach

Ba cheart do Rialaitheoirí Sonraí féachaint ar gach iarratas duine ar a sonraí ar bhonn aonair ar dtús agus ina dhiaidh sin amháin comhthéacsú a fheidhmiú ar mhaithe le “hiomarcaíocht” a mheas. Ní thugann an fíoras, as féin, go dtarlaíonn iarratas duine ar a sonraí arís nó an fíoras, as féin, go dtógfadh sé go leor ama agus iarrachta ar an Rialaitheoir Sonraí leis an fhaisnéis a sholáthar, le fios go bhfuil an t-iarratas iomarcach go huathoibríoch.

Mar shampla, d’fhéadfadh iarratas duine ar a sonraí a bheith athráiteach mar go dtarlaíonn sé arís agus arís eile, ach d’fhéadfadh sé a bheith amhlaidh mar gheall go bhfuil na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil ag an rialaitheoir ag dul i méid de shíor (m.sh. sá chás gur úsáideoir ar ardán meáin shóisialta a rinne an t-iarratas).

- c) Faoi Airteagal 15(4), sa chás go gciallóidh **cóip** de sonraí pearsanta a **fháil, go ndéanfaidh dochar do chearta agus do shaoirsí daoine eile**, ar nós príobháideachas, rúin cheirde, nó cearta maoinne intleachtúla, lena n-áirítear, cearta Rialaitheoirí Sonraí agus Próiseálaithe Sonraí (féach thíos ‘Sa chás go mbíonn sonraí pearsanta á choinneáil ag próiseálaí /Sa chás gur mise an comhrialtitheoir?’), ní féidir le Rialaitheoirí Sonraí cóip de na sonraí a iarradh a chur ar fáil don iarratasóir.

Baineann an teorannú seo go sonrath leis na hÁbhair Sonraí a bheith i dteideal cóip a fháil dá gcuid sonraí (féach thuas – ‘Cad ba cheart a bheith in ábhar agus i gcruth an fhreagra a thugaim?’ faoi uimhir 4), agus **níor cheart go mbeadh tionchar aige sin ar theidlíochtaí eile** faoina gceart rochtana, ar nós dearbhú a fháil den phróiseáil agus den fhaisnéis a éilítear faoin dlí um chosaint sonraí agus seachas sin rochtain chuig sonraí pearsanta (féach thuas “Cad ba cheart a bheith in ábhar agus i gcruth an fhreagra a thugaim?’ faoi uimhreacha 1, 2 agus 3).

Ba cheart do Rialaitheoirí Sonraí iarracht a dhéanamh **an t-iarratas a chomhlíonadh chomh fada agus is féidir**, ag cinntiú cosaint leordhóthanach do chearta agus do shaoirsí daoine eile ag an am céanna. Níor cheart go mbeadh diúltú sonraí a sholáthar don Ábhar Sonraí mar thoradh ar an mbrath ar 15(4). Braitheann méid an chomhlíonta ar an méid a d’fhéadfaí soláthar cóip de na sonraí a mheas mar “dhochar a dhéanamh” do na cearta agus na saoirsí sin, agus dá réir sin ag brath ar imthosca gach aon chás. Ba cheart do na cearta agus na saoirsí a mheasann an Rialaitheoir Sonraí a bheith cosanta faoin Dlí Eorpach nó faoi Dhlí na hÉireann. Ar an gcéad dul síos, ba cheart do Rialaitheoirí Sonraí breithniú a dhéanamh ar cibé a bhféadfadh tionchar a bheith ag cóip de na sonraí a sholáthar in aon chor ar chearta agus ar shaoirsí daoine eile agus ar an dara dul síos, cibé ar thionchar diúltach atá sa tionchar, ar an dóigh go ndéanann sé teorannú ar na cearta agus ar na saoirsí réamhráite.

Mar shampla, sa chás go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag iarratas duine ar a sonraí ar do chuid **rúin cheirde** ó thaobh algartam atá á úsáid agat ar mhaithe le gníomhaíochtaí úsáideoirí ar do láithreán gréasáin a rianú agus ar mhargaíocht dhíreach a fhorfheidhmiú, d’fhéadfadh sé nár ghá duit an t-algartam féin a nochtadh (a d’fhéadfadh an

bonn a bhaint go hiomlán ón rún cheirde agus dá bhrí sin, dochar a dhéanamh don cheart sin), agus cóip á sholáthar agat de na sonraí iompraíochta atá á bpróiseáil agat, ach ba cheart duit an fhaisnéis ábhartha go léir a sholáthar don Ábhar Sonraí a cheanglaítear faoin dlí um chosaint sonraí a bhaineann le fógraíocht spriocdhírthe an iarratasóra, lena n-áirítear, léiriú sonrath a thabhairt maidir le faighteoirí go léir na sonraí iompraíochta agus faisnéis leordhóthanach a sholáthar ionas go mbeidh tuiscint ag an Ábhar Sonraí ar na cúiseanna le do chinntí uathoibríocha (féach thuas: Cad ba cheart a bheith in ábhar agus i gcruth an fhreagra a thugaim?’ Faoi uimhreacha 1 agus 2).

Sa chás go mbaineann iarratais duine ar a shonraí le **sonraí pearsanta measctha**, d’fhéadfadh tionchar a bheith aige ar phríobháideacht agus ar chearta cosanta sonraí tríú páirtithe trí chóip de sonraí pearsanta measctha a sholáthar. Mura mbíonn Rialaitheoirí Sonraí i riocht le toiliú bailí a fháil ón tríú páirtí (féach: [An Bunús Dlí atá le Próiseáil Sonraí Pearsanta](#)), mar atá thuas, ní mór go mbeidh measúnú déanta ag an Rialaitheoir Sonraí maidir leis an gcothromaíocht idir chearta an Ábhair Sonraí agus cearta tríú páirtithe. Arís, b’fhéidir go mbeifí in ann a theacht ar réiteach praiticiúil, mar atá sa sampla atá tugtha thuas, i gcás píosa scannánaíochta CCTV, d’fhéadfadh an Rialaitheoir Sonraí na híomhánna d’aon tríú páirtí a dhéanamh doiléir in aon phíosa scannánaíochta.

Tá an ceart rochtana mar aon le cearta cosanta sonraí eile faoi réir freisin ag líon teorainneacha faoi dhlí na hÉireann, agus níos tábhachtaí, faoi fhorálacha áirithe an Achta um Chosaint Sonraí 2018 (féach: [Cearta Ábhar Sonraí a Theorannú](#)), lena n-áirítear:

- Alt 43: próiseáil chun go bhfeidhmeofar an ceart chun saoirse chun tuairimí a nochtadh agus chun saorála faisnéise, lena n-áirítear, próiseáil chun críoch iriseoireachta nó chun críoch léirithe acadúil, ealaíonta nó liteartha,
- Alt 59: próiseáil chun críoch toghcháin,
- Alt 60: próiseáil do chuspóirí tábhachtacha ar mhaithe le leas an phobail i gcoitinne (m.sh. i bhfeidhmiú nó i gcosaint éileamh dlíthiúil nó maidir le tuairimí a tugadh faoi rún),
- Alt 61: próiseáil chun críocha chun cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, críocha taighde eolaíochta nó staire nó críoch staidrimh,
- Alt 68: próiseáil sonraí sláinte faoin reachtaíocht ábhartha,
- Alt 94: sa chás é a bheith riachtanach agus comhréireach chun críocha forfheidhmithe dlí,
- Alt 158: sa chás é a bheith riachtanach agus comhréireach chun neamhspleáchas breithiúnach agus imeachtaí cúirte a chosaint, agus
- Alt 162: próiseáil a bhaineann le comhairle dlí, cumarsáid faoi phribhléid nó orduithe cúirte.

Sa chás go measann Rialaitheoirí Sonraí go bhfuil údar maith acu le faisnéis áirithe a choinneáil siar de bhun forálacha an Achta um Chosaint Sonraí 2018, nó de bhun reachtaíocht ábhartha eile de chuid na hÉireann (m.sh. na Rialachán maidir le Cosaint Sonraí (Modhnú Rochtana)(Sláinte) 2022 ([I.R. Uimhir 121 de 2022](#)) beidh orthu an díolúine ábhartha a aithint, sainmhíniú a sholáthar maidir leis an gcúis go bhfuil feidhm leis, go minic **trí thástáil riachtanais agus comhréireachta** a dhéanamh (féach: [Cearta Ábhar Sonraí a Theorannú](#)), agus fógra a thabhairt don iarratasóir maidir leis an fhéidearthacht gearán a thaisceadh leis an údarás maoirseachta inniúil agus leigheas breithiúnach á lorg.

Cuir i gcás go mbíonn na sonraí pearsanta á gcoinneáil ag próiseálaí /Cuir i gcás gur comhrialaitheoir atá ionam?

Caithfidh Rialaitheoirí Sonraí a chinntiú go bhfreagraítear iarratas an duine ar a shonraí, fiú sá chás, ar mhaithe leis an méid sin a dhéanamh, nach mór dóibh teagmháil a dhéanamh le comhlacht a thugann faoi oibríochtaí próiseála thar a gceann (“Próiseálaí Sonraí”) (cur i gcás nuair a theastaíonn óna Rialaitheoirí Sonraí, na sonraí a fháil ar ais uathu ar mhaithe le hiarratas an duine ar a shonraí a fhreagairt), **mar gur ar an Rialaitheoir Sonraí atá an dliteanas maidir le comhlíonadh ar deireadh thiar** (mura bhfuil an Próiseálaí Sonraí ag feidhmiú lasmuigh de threoracha an Rialaitheora Sonraí nó má sháraíonn sé/sí na hoibleagáidí atá forchurtha go díreach air/uirthi faoin dlí um chosaint sonraí). Ba cheart go mbeadh oibleagáid ar an bPróiseálaí Sonraí cuidiú leis an Rialaitheoir Sonraí ó thaobh a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh, lena n-áirítear, iad siúd a bhaineann le feidhmiú a gcuid cearta rochtana ag Ábhar Sonraí, de bhun an conradh nó acht dlíthiúil atá ann chun do chaidreamh a rialú (féach: [Treoir Phraiticiúil maidir le Conarthaí idir Rialaitheoirí - Próiseálaithe](#)).

Mar shampla, sa chás go mbaineann tú úsáid as soláthróir néaiseirbhísí ar mhaithe le sonraí pearsanta do chuid fostaithe a stóráil go slán maidir le saincheisteanna Acmhainní Daonna, b’fhéidir gur mian leat a chinntiú go luaitear go soiléir sa chonradh a rialaíonn an caidreamh idir tú féin agus an soláthróir seirbhíse, pé uair a thugann tú fógra dóibh maidir le hiarratas duine ar a shonraí go bhfuil siadsan faoi oibleagáid na sonraí ábhartha a chur ar fáil duit laistigh de thrí lá oibre de réir na gcaighdeán áirithe a chuireann ar do chumas a chinntiú go mbíonn sonraí pearsanta ábhartha go léir an fhostaí ábhartha á dtabhairt ar láimh go slán duit ar mhaithe le hiarratas duine ar a shonraí a chomhlíonadh.

Sa chás go ndéanann an Rialaitheoir Sonraí cinneadh **seachfhoinsiú a dhéanamh** chuig Próiseálaí Sonraí **maidir le freagra a thabhairt ar iarratais duine ar a shonraí**, ní mór dóibh a chinntiú go mbeidh ar chumas an Phróiseálaí Sonraí oibleagáidí go léir an dlí um chosaint sonraí a bhaineann le hiarratais duine ar a shonraí a chomhlíonadh, agus is ar an Rialaitheoir Sonraí a bheidh an dliteanas má fheidhmíonn an Próiseálaí Sonraí laistigh dá dtreoracha. Ó thaobh na gcúiseanna seo, tá an cháipéis dlí a rialaíonn an caidreamh idir an Rialaitheoir Sonraí agus an Próiseálaí Sonraí rithábhachtach (féach: [Treoir Phraiticiúil maidir le Conarthaí idir Rialaitheoirí - Próiseálaithe](#)).

Sa chás go ndéanann an Rialaitheoir Sonraí comhchinneadh maidir leis na críocha agus na bealaí próiseála agus, atá mar Chomhrialaitheoir dá bhrí sin, is féidir leis na **hÁbhair Sonraí a gcuid cearta rochtana a fheidhmiú maidir le agus in aghaidh gach aon Rialaitheoir Sonraí** (Airteagal 26(3) den GDPR) in ainneoin aon fhoráil dhifriúil atá i gcáipéis dlí a rialaíonn an caidreamh eatarthu (Airteagal 26(1) den GDPR). Ciallaíonn sé seo sa deireadh gur féidir iarratas duine ar a shonraí a thaisceadh le Comhrialaitheoir amháin maidir le sonraí a d’fhéadfadh a bheith á bpróiseáil ag an gComhrialaitheoir eile agus vice versa. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go mbíonn bearta teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm idir Comhrialaitheoirí ar mhaithe lena chinntiú go ndéileáiltear le gach iarratas a bhaineann le sonraí pearsanta a bhíonn á bpróiseáil ag Comhrialaitheoir, atá difriúil ón Rialaitheoir a fuair iarratas duine ar a shonraí, laistigh de na spriocdhátaí. Is féidir an méid sin a éascú trí bhreithniú mion a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí próiseála sa cháipéis dlí a rialaíonn an caidreamh idir Comhrialaitheoirí.

Is féidir tuilleadh treorach a fháil i gcinntí an DPC

[Groupon International Limited - Nollaig 2020](#)

[Ryanair DAC - Samhain 2020](#)